Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 1 Nollaig 2023
(OR. en)

15945/23

AGRI 741
AGRIFIN 143
FIN 1235

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Chúirt Iniúchóirí na hEorpa Uimh. 19/2023: Iarrachtaí an Aontais le haghaidh ithir a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe: caighdeáin neamh-uaillmhianacha agus spriocdhíriú teoranta<br>- *Dréachtchonclúidí ón gComhairle a fhormheas* |

1. Thug Coiste na mBuanionadaithe treoir don Mheitheal um Cheisteanna Airgeadais i dtaca leis an Talmhaíocht (Meitheal AGRIFIN) scrúdú a dhéanamh ar an tuarascáil speisialta thuasluaite i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos sna conclúidí a ghlac an Chomhairle an 8 Bealtaine 2000 maidir le feabhas a chur ar an scrúdú ar thuarascálacha speisialta arna ndréachtú ag an gCúirt Iniúchóirí (7515/00 + COR 1).

2. Ag an gcruinniú a bhí aici an 20 Deireadh Fómhair 2023, phléigh Meitheal AGRIFIN an tuarascáil speisialta thuasluaite chomh maith leis na freagraí ón gCoimisiún ar an tuarascáil sin.

3. I bhfianaise an phlé sin, dhréachtaigh an Uachtaránacht dréachtchonclúidí (15403/23) agus chuir sí faoi bhráid na dtoscaireachtaí iad le haghaidh comhairliúchán neamhfhoirmiúil i scríbhinn. Bunaithe ar na barúlacha a fuarthas, leasaigh an Uachtaránacht na dréachtchonclúidí agus chuir sí i láthair iad ag an gcruinniú a bhí ag AGRIFIN an 1 Nollaig. Tháinig an cruinniú ar chomhaontú maidir leis an leagan leasaithe de na dréachtchonclúidí, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn é.

4. I gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle an 8 Bealtaine 2000, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, leis seo, a mholadh don Chomhairle na dréachtchonclúidí ón gComhairle mar a leagtar amach iad san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo, a fhormheas mar mhír 'A' ag seisiún a bheidh aici amach anseo.

**<u>IARSCRÍBHINN</u>**

**<u>Na Dréacht-Chonclúidí críochnaitheacha ón gComhairle</u>**

**Tuarascáil Speisialta Uimh. 19/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal:**

***'Iarrachtaí an Aontais le haghaidh ithir a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe: Caighdeáin neamh-uaillmhianacha agus spriocdhíriú teoranta'***

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

1. TUGANN SÍ DÁ hAIRE Tuarascáil Speisialta Uimh. 19/2023 ón gCúirt dar teideal *'Iarrachtaí an Aontais le haghaidh ithir a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe: Caighdeáin neamh-uaillmhianacha agus spriocdhíriú teoranta*', ina ndéantar measúnú ar cibé acu a bhain nó nár bhain an Coimisiún agus na Ballstáit úsáid éifeachtach as bearta CBT 2014-2022 chun ithreacha talmhaíochta agus aoileach a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe agus i dtaobh an raibh na gníomhaíochtaí a bhaineann le bainistiú aoiligh a rinneadh i gcur chun feidhme na Treorach maidir le Níotráití éifeachtach;

2. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na moltaí ón gCúirt chuig an gCoimisiún maidir le hathbhreithniú agus tuairisciú a dhéanamh ar leibhéal uaillmhéine na gcaighdeán agus measúnú a dhéanamh ar thorthaí a gcur chun feidhme, tuairisciú ar spriocdhíriú bhearta deonacha CBT ar na fadhbanna áitiúla ithreach is práinní, teorainn a chur le húsáid maoluithe agus athbhreithniú a dhéanamh ar chuspóirí eile nach bhfuil ag teacht le chéile i réimsí beartais eile agus feabhas a chur ar shonraí comhdhlúite ar leibhéal an Aontais, moltaí a nglacann an Coimisiún leo;

3. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil caomhnú ithreach ag dul i dtábhacht i dtréimhse nua CBT 2023-2027, go háirithe trí choinníollacht fheabhsaithe, éiciscéimeanna nua faoin gcéad cholún agus bearta deonacha faoin dara colún;

4. AONTAÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé an Treoir maidir le Níotráití a chur chun feidhme go hiomlán agus a cuspóir a bhaint amach i dtíortha uile an Aontais, lena n-áirítear sna Ballstáit ar deonaíodh maoluithe cuí-réasúnaithe dóibh de bharr a sainiúlachtaí;

5. AITHNÍONN SÍ rannchuidiú tábhachtach na Treorach maidir le Níotráití chun caillteanais cothaitheach ón talmhaíocht a laghdú agus, sa chomhthéacs sin, TUGANN SÍ DÁ hAIRE Sprioc an Chomhaontaithe Ghlais maidir le caillteanas cothaitheach a laghdú 50 % faoi 2030;

6. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na gníomhaíochtaí a rinne an Coimisiún chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí sna sonraí agus chun feabhas a chur ar cháilíocht na sonraí arna mbailiú agus/nó arna dtairiscint go deonach ag na Ballstáit don tréimhse 2020-2023 agus go dtí go mbeidh bailiú sonraí maidir le comharduithe cothaitheach comhlán éigeantach in 2026.